AIDBHINT

ÍSEÁIA -Tá tábhacht lena ghuth

Tá cur amach againn ar na fáithe ón Sean Tiomna. Is ionann fáidh agus duine atá roghnaithe ag Dia chun a theachtaireacht a fhógairt. Bhí a lán fáithe in Iosrael.

Is ar Isáia is mó atá cliú agus cáil. Mhair sé 700 bliain roimh bhreith Íosa.



Bhí ar Íseáia teachtaireacht dheacair a thabhairt do na hIosraeilítigh. Níor chreid siad níos mó in Aon Dia Amháin. Stop siad ag leanacht dlíthe Dé. Dúirt Íseáia leo go gcaithfidís a mbealaí maireachtála a athrú nó gur fulaingt a bheadh i ndán dóibh amach anseo.

Bhí teachtaireacht shona ag Íseáia dóibh freisin. Dúirt sé leo gur gheall Dia nach raibh aon teora lena ghrá dóibh agus go mbeadh grá aige dóibh go deo. Nuair a bheadh an t-am ceart, chuirfeadh Dia searbhónta séimh, grámhar chucu chun iad a threorú. Tá 'fhios againn anois gp mba é Íosa an searbhónta sin.

Ba i bhfoirm filíochta a bhí a lán dá chuid tairngreachtaí. Tá tagairt déanta dá chuid scríbhinní níos mó ná 50 uair sa Nua Thiomna. Is mar seo a labhair sé faoi theacht an Mheisias:

"*Rugadh leanbh dúinn! Tugadh mac dúinn! Tá an Tiarnas ar a ghualainn. An t-ainm atá air:* ***'Comhairleoir Iontach, Dia Láidir, Athair Síoraí, Prionsa na Síochána'*** *Níl teorainn lena Thirnas ná críoch lena shíocháin ar chathaoir ríoga Dháiví agus ar a ríogacht ag cur bun agus taca leo, sa cheart agus san fhíréantacht feasta, go brách. Díograis, dhílis an*

Bain úsaid as do fhoclóir chun míniú na bhfocal seo a fháil:

Comhairleoir, Síoraí, Comharba, Díogras

Bíodh tuiscint agat air

Tugtar ainmneacha ó am go chéile ar ríthe a insíonn dúinn cén sórt daoine a bhí iontu. Bhí rí i Sasana ar a tugadh *Risteard Leonchroí*. Ba dhuine an-chróga a bhí ann.

Bhí prionsa sa Rúis ar a tugadh *Ivan an Uafáis.* Ba dhuine cruálach, brúidiúil é.

Dúirt an fáidhe Íseáia leis na hIosraeilítigh go raibh rí nua ar an mbealach. Thug Íseáia ainmneacha speisialta don rí nua seo chun cur síos a dhéanamh ar na tréithe a bheadh aige. Bheadh sé iontach. Bheadh sé mar chomhairleoir agus thabharfadh sé dea-chomhairle. Bheadh sé mar Phrionsa na Síochána. Tá 'fhios againn anois gur ag cur síos ar Íosa a bhí Íseáia, an rí a thugann aire don domhan go deo

Gníomhaíocht

Tarraing agud dathaigh pictiúr de Íosa mar rí. Bain úsáid as ceann de na teidil a thug Íseáia dó i do phictiúr.

AIDBHINT-----Guth tábhachtach eile: EOIN BAISTE

Marcus, 1: 4-8

Tháinig Eoin ag baisteadh san fhásach agus ag fógairt baiste aithrí chun peacaí a mhaitheamh. "*Tabhair cúl don pheaca agus glac leis an mbaiste*" a dúirt sé leis na daoine, *"agus tabharfaidh Dia maithiúnas daoibh ó bhur bpeacaí*" Tháinig a lán daoine chun éisteacht le hEoin. Rinne siad a gcuid peacaí a admháil agus bhaist sé iad in Abhainn na Iordáine. Bhí rón camaill mar éadach ar Eoin, crios leathair faoin choim aige, lócaistí agus mil fhiáin mar bheatha aige. Agus bhíodh sé ag seanmóir á rá *"Tá ag teacht i mo dhiaidh an té atá níos treise ná mé, agus ní fiú mé cromadh síos chun iall a chuarán a scaoileadh. Bhaist mise le huisce sibh, ach baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh"*

Bíodh tuiscint agat air

- Déanann muid an teach a chóiriú agus a réiteach nuair a bhíonn cuairteoirí ag teacht- ag glanadh, ag ní agus ag ullmhú bia. Gléasann muid sna héadaí is fearr atá againn.
- Nuair a tháinig Íosa ar an domhan, chuir Dia Eoin Baiste ar an domhan roimhe chun an tslí a réiteach dó. Sa scéal seo ón mBíobla atá bunaithe ar shoiscéal N. Marcus, dúirt Eoin leis na daoine a gcuid peacaí a admháil agus aithrí a dhéanamh.
- Bhaist sé a lucht leanúna in Abhainn na Iordáine mar chomhartha gur theastaigh uathu a ndroch nósanna a chaitheamh in aer.

- Dúirt Eoin leis na daoine go raibh Íosa ag teacht. Mhínigh sé dóibh go raibh Íosa i bhfad níos cumhachtaí ná é féin.
- Dúirt sé go mbeadh an baiste a bheadh Íosa ag déanamh níos cumhachtaí ná a bhaiste féin. Níos deireanaí bhaist Íosa Eoin in Abhainn na Iordáine.
- Is é seo an baiste a fuair muide. Ghlan sé ár bpeacaí dínn agus rinne sé baill den Eaglais dúinn, clann Dé.

*Saor sin ó gach olc, impímid ort a Thiarna, tabhair dúinn síocháin lenár linn agus muid ag **FANACHT GO LÚCHÁIREACH** le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.*

Paidir: Abair an phaidir seo chun inseacht do Dhia go bhfuil brón ort faoi na hamanna nach raibh tú chomh maith is a d'fhéadfá a bheith.

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom. Tá brón orm faoi mo pheacaí uile;. nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile. Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa agus gan peaca a dhéanamh arís.

<u>Dathaigh an pictiúr seo de Eoin Baiste agus Íosa in Abhainn na Iordáine</u>.